

Preaseisiúint FRA
Vín, 11 Nollaig 2019

Coinneáil choiriúil: An gcloítear le cearta?

Le plódú, drochdhálaí sláintíochta agus am teoranta lasmuigh de chealla sna príosúin, sáraítear cearta na ndaoine atá á gcoinneáil agus cuirtear an t-athshlánú i mbaol, faisnéis a tháinig ó thuarascáil nua ón nGníomhaireacht um Chearta Bunúsacha (FRA). Cuideoidh na torthaí agus an bunachar sonraí tacaíochta le breithiúna agus dlíodóirí na heasnaimh i ndálaí príosúin a mheas agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le cásanna trasteorann.

"Tá sé soiléir ó rialacha príosúin idirnáisiúnta agus AE gur cheart caitheamh le príosúnaigh le dínit," a deir Stiúrthóir FRA [Michael O'Flaherty](#). "Is minic a fhulaingíonn príosúnaigh dálaí maslacha le linn dóibh a bheith i bpríosún. Ní mór do Bhallstáit AE a áirithiú go mbeidh dálaí coinneála ann a bhfuil meas ag baint leo chun deiseanna athshlánaithe na bpríosúnach a fheabhsú."

Leagtar amach sa tuarascáil '[Criminal detention conditions in the European Union: rules and reality](#)' caighdeáin íosta roghnaithe ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach agus an chaoi a n-aistrítear iad ina ndlíthe náisiúnta. Léiríonn sé freisin an chaoi a bhfuil feidhm ag na rialacha sin i gcleachtas, ag díriú ar na nithe seo a leanas:

- **Méid cille:** Is minic, mar thoradh ar róphlódú, go mbíonn níos lú ná 3m² de spás ag gach príosúnach, rud a sháraíonn an t-íosmhéid de 4m² in aghaidh an phríosúnaigh.
- **Am lasmuigh:** Ní i gcónaí a rialaíonn na Ballstáit cé chomh fada is féidir le príosúnaigh a chaitheamh lasmuigh dá gcill. Uaireanta caitheann príosúnaigh uair an chloig in aghaidh an lae lasmuigh dá gcill, méid ama atá neamhleor i bpríosúin róphlódaithe.
- **Sláintíocht:** Is sárú ar dhlíthe idirnáisiúnta agus náisiúnta iad príosúin salacha ag a bhfuil rochtain theoranta ar sheomraí folctha, cé go bhfuil na dálaí ag feabhsú de réir a chéile.
- **Cúram Sláinte:** Cé gur cheart do phríosúnaigh leas a bhaint as an leibhéal céanna cúraim sláinte agus a bhaineann an pobal, is minic go mbíonn moilleanna ann mar thoradh ar ghanntanais foirne. Ina theannta sin, ní bhíonn príobháideacht acu le linn a scrúduithe.
- **Foréigean:** Tá trodaí, foréigean gnéasach agus bulaíocht i measc príosúnach coitianta i gcuid mhaith Ballstát, in ainneoin oibleagáid na mBallstát príosúnaigh atá faoina gcoimeád a chosaint.

Leis na torthaí ón dtuarascáil, treorófar breithiúna agus cleachtóirí dlí eile chun a mheas an bhfuil príosúnaigh i mbaol íde atá mídhaonna nó maslach, rud a sháraíonn a gcearta bunúsacha.

Tá sé sin úsáideach go háirithe agus cinneadh á dhéanamh maidir le cásanna trasteorann, amhail nuair a eisiúint Ballstáit [Barántas Gabhála Eorpach](#).

Comhlánaíonn [an bunachar sonraí nua um choinneáil choiriúil ar líne](#) de chuid FRA an tuarascáil. Tá caighdeáin náisiúnta, dlíthe agus tuarascálacha faireacháin ann ar dhálaí coinneála ó gach cearn den AE.

Bhain FRA úsáid as tuarascálacha ó chomhlachtaí faireacháin náisiúnta agus [agallaimh ó thaighde a rinneadh roimhe](#) chun an éagsúlacht i ndálaí coinneála ar fud na mBallstát a léiriú.

D’iarr an Coimisiún Eorpach ar FRA faisnéis a chur le chéile maidir le dálaí príosúin agus le faireachán ar fud Bhallstáit uile an AE chun cabhrú leis na húdaráis bhreithiúnacha agus cinneadh á dhéanamh acu i ndáil le daoine atá á gcoinneáil a aistriú go Ballstát eile AE

Le tuilleadh faisnéise a fháil, téigh i dteagmháil le: media@fra.europa.eu / Teil.: +43 1 580 30 642